

Eagarfhocal

Roghnaigh mé téama an eagráin seo beagnach sula ndearna mé aon obair ar bith air - a mhalaire le mo ghnáthnós. Roghnaigh mé "claochlú" mar go raibh orm beagnach gach rud a dhéanamh ar nós difriúil an uair seo.

Nuair a fuair mo ríomhaire bás, bhí gach bogearraí agam mar a bhíodh ón lá a chéad d'ath-thosnaíomar ar *An Gael* a fhoilsíú. Ach bhí orm ríomhaire nua a fháil, agus córas oibriúcháin nua aige, agus is iomaí bogearra nach raibh mé ábalta a úsáid níos mó.

Thosnaigh mé chun stuif nua a bhailiú is a chur i bhfeidhm, agus bhí orm gach rud a fhoghlaím as an nua. Ní raibh mé sásta ar chor ar bith, ar dtús. Ach de réir a chéile, fuair mé go bhfuil a lán buntáistí ag na bogearraí nua. Tháinig claochlú ar mo chóras ríomhaireachta, agus ormsa, agus anois ar an iris. Tá an-chosúlacht ann, dár ndóigh, mar níor mhaith liom stíl na hirise a athrú ó bhonn. Ach tá feabhas ann, sílim, agus tiocfaidh rudaí nua eile ar ball, le cúnamh Dé.

Agus an téama roghnaithe agam roimh ré, scríobh ár gcolúnaithe rialta, Gearóid Ó Ceallaigh agus Lugh DePaor, ailt an-oiriúnacha. Scríobh an file Eoin Dunford dáonta ar an téama, freisin. Tarlaíonn claochlú ar aisteoir gach uair a ghlactar le ról, ach sa scéal le Colin Ryan, sílim go dtarlaíonn claochlú eile, leis. Bíonn na carachtair i Tine san lúntlainn ag fás is ag athrú i gcónaí...

Is iomaí rud atá ag athrú i saol na Gaeilge in Éirinn le tamall anuas, agus tá dán - aoir - le Séamus Barra Ó Súilleabháin againn ar an ábhar sin. Cad atá difriúil, is cad atá mar an gcéanna? An bhfuil claochlú ar siúl? Go maith nó go holc, má tá? Agus ina alt próis atá san eagrán seo, díríonn sé ar shaol difriúil na teicneolaíochta agus a thionchar ar shaol difriúil na filíochta. Níos mó ná uair amháin,



luadh agus foilsíodh saothar Ghabriel Rosenstock ar leathanáigh na hirise seo, mar dhroichead idir na Gaeil agus an saol mór, an Áise go háirithe. Caitheann Séamus a shúil air san alt céanna, agus cuireann sé i gcomhthéacs dúinn é.

Tá cúrsaí deacair do fhoilsitheoirí irisí Gaeilge in Éirinn le déanaí. Nach mór an claochlú sa saol ó na laethanta fadó, nuair a chuití cló na litreacha le chéile ar mheaisíní de láimh? Scríobhtaí gach rud de láimh, nó le clóscríobhán, seoltai tríd an bpost é, agus chuití na litreacha i mbascaí don chlóphreas. Ach sa lá atá inniu ann, scríobhtar, eagraítear agus foilsítear gach rud trí mheán ríomhairí. Sea, is féidir fiú beagnach gach rud a léamh ar ríomhairí chomh maith, más mian leat. Bíonn na ríomhairí, agus gach rud a bhaineann leo, ag athrú agus, le cúnamh Dé, ag feabhsú i gcónaí. Ach tá scríbhneoirí, eagarthóirí, agus léitheoirí fós ann, agus de dhíth, mar a bhíodh riamh.

Claochlaíonn an neach nó an ní céanna ó staid áirithe go staid eile, ach fanann a chroí fós mar a bhíodh. Cosúil le torbán agus frog - is é an t-ainmhí céanna é, go bunúsach. Pé athruithe a tharlóidh do na hirisí, chomh fada agus a bheidh a chroí ag bualadh, agus croí na Gaeilge ag bualadh, beidh siad beo. Go mbuaile croí na teanga agus croí na hiriseoireachta di go deo!

San alt le Séamus Barra Ó Súilleabháin, is suimiúil an rud é go dtosnaíonn sé le cur síos ar fheile Indiach, agus go gcríochnaíonn sé le cur síos ar an saothar is nuái le Gabriel Rosenstock. Chomhtharlú? Sula bhfuair mé an t-alt sin uaidh, roghnaigh mé chun dáonta a phoisiú san eagrán seo le hAbhay K, dáonta a fuair mé ó

Ghabriel Rosenstock, a chuir Gaeilge orthu. Is ambasadóir na hIndia é Abhay K, atá ar dualgas i Neipeal. Beidh cóip den eagrán seo aige ar ball i Neipeal, le cúnamh Dé. Tá rian na Gaeilge le fáil ar fud an domhain. Agus fágann filí is cairde eile a rian ar an nGaeilge, is ar *An Gael*, freisin. Ar scáth a chéile a mhairimid. Agus a chlaochlaímid.

